COIGILTEAS STÁIT NA hÉIREANN | IRELAND STATE SAVINGS

E00178515 BR4 1024

COIGILTEAS STÁIT NA hÉIREANN | IRELAND STATE SAVINGS

# Bronntanas is ea Coigilt le Duaisbhannaí

## Foirm Iarratais ar Bhronntanas

Tá tuilleadh eolais le fáil ag **statesavings.ie**





# Is muidne Coigilteas Stáit na hÉireann.

Cuirimid bealach áisiúil ar fáil do gach duine in Éirinn chun airgead a shábháil, bíodh an tsuim mór nó beag, an t-achar ama gearr nó fada. Tá réimse leathan táirgí ar fáil uainn, mar sin is cuma cén fáth a bhfuil airgead á shábháil agat, tá rogha againn a oireann duitse.

Le haghaidh sonraí na roghanna táirgí coigiltis go léir atá againn, téigh chuig **statesavings.ie** nó faigh cóip dár mbróisiúr ag d'Oifig Poist.

## Cad is Duaisbhannaí ann?

Le Duaisbhannaí ó Choigilteas Stáit na hÉireann, cuirtear beagán spleodair leis an gcoigilt. Cuirtear gach Duaisbhanna isteach i gcrannchur seachtainiúil duaiseanna, ina mbíonn na céadta duaiseanna airgid le buachan, agus pota óir míosúil €500,000 ina measc.

Tá na duaiseanna saor ó cháin in Éirinn, agus ní ghearrtar aon táillí ná aon mhuirir. Agus an scéala is fearr? Is féidir luach na nDuaisbhannaí a íoc isteach i gcuntas bainc an tsealbhóra ag am ar bith.

Scan an cód mearfhreagartha i gcomhair na rátaí úis atá ibhfeidhm i leith ár gcuid táirgí go léir. Gheobhaidh tú tuilleadh eolais ag **statesavings.ie/prizebonds** nó id'Oifig Poist.

## Cén fáth ar bronntanas maith iad Duaisbhannaí?

Is cineálta an rud é Duaisbhannaí a thabhairt mar bhronntanas agus is bealach cliste iad le hairgead a shábháil. Tá na buntáistí seo a leanas ag baint leo:

- **Tarraingtí seachtainiúla:** An spleodar a bhaineann leis an seans duais a bhuachan gach seachtain.
- **Solúbthacht:** Is féidir an t-airgead céanna a d'íoc tú ar na Duaisbhannaí a fháil ar ais am ar bith.
- **Slán sábháilte:** Tá an t-airgead atá i dtaisce faoi chosaint ag an Stát.
- **Gan Táillí:** Tá duaiseanna ar na Duaisbhannaí saor ó cháin in Éirinn, agus ní ghearrtar aon táillí ná aon mhuirir.

## Conas Duaisbhannaí a cheannach mar bhronntanas

Is é an t-íosmhéid airgid is féidir a chaitheamh ar Dhuaisbhannaí ná €25 (ceithre Dhuaisbhanna).

Níl le déanamh ach an Fhoirm Iarratais ar Bhronntanas Duaisbhannaí a líonadh isteach agus a shíneadh isteach ag d'Oifig Poist nó an fhoirm a sheoladh ar ais chugainn ar an bpost.

Rogha eile is ea Duaisbhannaí a cheannach mar bhronntanas ar líne ag **statesavings.ie** nó ar an bhfón ag 0818 20 50 60 / 01 705 7200.

## Fianaise ar Chéannacht

Má tá luach do bhronntanas os cionn* €100 ní mór dúinn na doiciméid seo a leanas a fháil i leith an cheannaitheora agus an fhaighteora:

- **Cruthúnas ar an Ainm:** Pas nó Ceadúnas Tiomána Bailí
- **Cruthúnas ar an Seoladh:** Bille Fóntais, Ráiteas Bainc, nó Litir ó na Coimisinéirí Ioncaim a eisíodh le sé mhí anuas
- **Cruthúnas ar UPSP:** Cárta Seirbhíse Poiblí, Litir ó na Coimisinéirí Ioncaim nó ón Roinn Coimirce Sóisialaí

*Má fhágann ceannach bronntanais níos lú ná €100 go mbeidh sealúchas iomlán an fhaighteora níos mó ná €1,000, rachaimid i dteagmháil le faighteoir an bhronntanais chun fianaise shásúil ar chéannacht a sholáthar sula leithdháilfear na huimhreacha Duaisbhannaí.

## Téarmaí agus Coinníollacha

Uasteorainneacha Sealbhaíochta, Téarmaí agus Coinníollacha, agus reachtaíocht ábhartha. Tá ár Leabhrán Téarmaí agus Coinníollacha ar líne ag **statesavings.ie/terms-conditions** agus i d'Oifig Poist.

## Déan Teagmháil Linn

**Suíomh Gréasáin:** statesavings.ie

**Ríomhphost:** prizebonds@statesavings.ie

**Teileafón:** 0818 20 50 60 / 01 705 7200 (Luan–Aoine, 08:00-20:00)

**Ar an bpost:** Coigilteas Stáit na hÉireann, Ard-Oifig an Phoist, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 FSP2

**Tabhair cuairt ar:** Oifig an Phoist